2026/1886

30.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1886 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 16 Iúil 2026

maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/58 (EUSDI/1/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(1) de Chinneadh (CBES) 2023/1599, tá an Coiste Polaitiúil agus Slándála le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ('an Tionscnamh'). Thairis sin, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, lena n-áirítear na cinntí maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata a cheapadh.

(2) An 16 Nollaig 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/58 ([2]), lena gceaptar an Coirnéal Emilio Asensio BAUTISTA MARTÍNEZ ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 9 Eanáir 2026.

(3) An 8 Meitheamh 2026, mhol údaráis mhíleata na hÍsiltíre an Captaen André (Annius) VAN DER KAMP a cheapadh ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ('an ceapachán molta').

(4) An 16 Meitheamh 2026, thacaigh Ceannasaí Míleata cholún míleata an Tionscnaimh leis an gceapachán molta sin.

(5) An 23 Meitheamh 2026, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta agus mhol sé don Choiste Polaitiúil agus Slándála é a fhormheas.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCaptaen André (Annius) VAN DER KAMP a cheapadh ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 27 Iúil 2026 ar aghaidh.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2026/58 a aisghairm,

([1]) IO L 196, 4.8.2023, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1599/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2026/58 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 16 Nollaig 2025 maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1431 (EUSDI/4/2025) (IO L, 2026/58, 6.1.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/58/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar an Captaen André (Annius) VAN DER KAMP ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ón 27 Iúil 2026 ar aghaidh.

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2026/58.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 27 Iúil 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD